Caint Indíreach san Aimsir Chaite

Tarlaíonn caint indíreach i ndiaidh roinnt frásaí i nGaeilge m.sh: **Shíl mé/dúirt mé/níl aon dabht/ caithfidh mé a rá/is cinnte/ní féidir a shéanadh** srl.

Caithfear '**gur'** nó '**nár'** den chuid is mó a chur isteach roimh na briathra san aimsir chaite, agus caillfear an d' roimh ghutaí:

Thóg mé teach. – Níl aon dabht **gur** thóg mé teach.

Níor chuala mé thú. – Is cinnte **nár** chuala mé thú.

D'éist mé leis an mhúinteoir. – Shíl mé **gur** éist mé leis an mhúinteoir.

Níor ith mé do lón. – Dúirt mé **nár** ith mé do lón.

Cuir 'shíl mé' roimh na habairtí seo agus athraigh na briathra más gá:

1. Shiúil siad ar scoil.
2. D'ith tú do dhinnéar.
3. Bhris tú do chos.
4. Cheannaigh sí gúna nua.
5. D'fhan sé istigh aréir.
6. Thaitin an dioscó leat.
7. Chuir sí i bhfolach é.
8. Níor tháinig siad isteach mall.
9. Níor ól sí an deoch sin.
10. Níor chuala mo mhamaí a leithéid roimhe.
11. Níor scríobh tú an aiste sin.
12. Níor thug tú an t-eolas sin dom.
13. Níor fhág tú an teach an oíche ar fad.
14. Níor chreid siad an scéal.